Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**8994/23**

**COEST 293**
**POLCOM 80**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le prótacal idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Casacstáine lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Ballstáit, de pháirt, agus Poblacht na Casacstáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le tásca geografacha le haghaidh táirgí talmhaíochta, bia-ábhair, fíonta agus biotáillí a chosaint |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le prótacal idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Casacstáine lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Ballstáit, de pháirt, agus Poblacht na Casacstáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le tásca geografacha le haghaidh táirgí talmhaíochta, bia-ábhair, fíonta agus biotáillí a chosaint**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh i gcrích an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Ballstáit, de pháirt, agus Poblacht na Casacstáine, den pháirt eile, ('CCCF')[1] thar ceann an Aontais trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/244 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm go hiomlán an 1 Márta 2020.

(2) Tá Teideal III (Trádáil agus Gnó) de CCCF, lena n-áirítear na forálacha maidir le tásca geografacha, á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Bealtaine 2016.

(3) Le CCCF, cuirtear d'oibleagáid ar na Páirtithe tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le tásca geografacha a chosaint ina gcríocha faoi seach tráth nach déanaí ná 7 mbliana tar éis an dáta óna mbeidh feidhm ag Teideal III de CCCF.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn prótacal a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Casacstáine lena leasaítear CCCF a mhéid a bhaineann le tásca geografacha le haghaidh táirgí talmhaíochta agus earraí bia, fíonta agus biotáillí a chosaint,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 29, 4.2.2016, lch. 3.

2 Cinneadh (AE) 2020/244 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 thar ceann an Aontais, maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Casacstáine, den pháirt eile (IO L 52, 25.2.2020, lch. 1).

*Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le prótacal idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Casacstáine lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Ballstáit, de pháirt, agus Poblacht na Casacstáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le tásca geografacha le haghaidh táirgí talmhaíochta, bia-ábhair, fíonta agus biotáillí a chosaint.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*